Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Bealtaine 2024
(OR. en)

9701/24

Comhad Idirinstitiúideach:
2024/0083(NLE)

FISC 108
ECOFIN 560

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena n-údaraítear Poblacht na Laitvia beart speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 287 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2408 |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena n-údaraítear Poblacht na Laitvia
beart speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 287 de Threoir 2006/112/CE
maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha,
agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2408**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha[1], agus go háirithe Airteagal 395(1), an chéad fhomhír, di,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

---

[1] IO L 347, 11.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2006/112/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 287, pointe (10), de Threoir 2006/112/CE, ceadaítear don Laitvia díolúine ó cháin bhreisluacha ('CBL') a thabhairt do dhaoine inchánacha nach airde a láimhdeachas bliantúil ná EUR 17 200 nó a choibhéis san airgeadra náisiúnta ag an ráta comhshó ar lá a haontachais.

(2) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2017/2408/AE ón gComhairle[2], arna leasú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1261 ón gComhairle[3], tugadh údarú don Laitvia, go dtí an 31 Nollaig 2024, leanúint de bheart speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 287, pointe (10), de Threoir 2006/112/CE chun daoine inchánacha nach airde a láimhdeachas bliantúil ná EUR 40 000 a dhíolmhú ó cháin bhreisluacha ('beart speisialta tosaigh').

(3) Le litir a cláraíodh leis an gCoimisiún an 14 Nollaig 2023, d'iarr an Laitvia údarú chun tairseach an bhirt speisialta tosaigh a mhéadú go EUR 50 000 ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2024 ('an beart speisialta').

(4) De bhun Airteagal 395(2), an dara fomhír, de Threoir 2006/112/CE, chuir an Coimisiún na Ballstáit eile ar an eolas le litir dar dáta an 16 Eanáir 2024 maidir leis an iarraidh a rinne an Laitvia. Le litir dar dáta an 17 Eanáir 2024, thug an Coimisiún fógra don Laitvia go raibh an fhaisnéis uile is gá aige chun breithmheas a dhéanamh ar an iarraidh.

---

[2] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2408 ón gComhairle an 18 Nollaig 2017 lena n- údaraítear do Phoblacht na Laitvia beart speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 287 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 342, 21.12.2017, lch. 8, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2017/2408/oj).

[3] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1261 ón gComhairle an 4 Meán Fómhair 2020 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2408 lena n- údaraítear do Phoblacht na Laitvia beart speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 287 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 296, 10.9.2020, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2020/1261/oj).

(5) Tá an beart speisialta, arna iarraidh ag Laitvia, i gcomhréir le Treoir (AE) 2020/285 ón gComhairle[4], lena bhféachtar leis an ualach comhlíontachta CBL ar fhiontair bheaga a laghdú agus le saobhadh iomaíochta sa mhargadh inmheánach a mhaolú. Tá Ballstáit le hAirteagal 1 den Treoir sin a chur i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2025.

(6) Chun a áirithiú go mbainfear amach na cuspóirí arna saothrú leis an mbeart speisialta agus chun nach gcuirfear ualach iomarcach riaracháin ar dhaoine inchánacha agus ar údaráis chánach, is iomchuí údarú a thabhairt don Laitvia chun an beart speisialta a chur i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2024. Trína fhoráil go gcuirfear an beart speisialta i bhfeidhm ó dháta a thagann roimh an dáta a ngabhann éifeacht leis an gCinneadh seo, déantar ionchais dhlisteanacha daoine inchánacha incháilithe a urramú ós rud é nach gcuireann an beart speisialta isteach ar a gcearta ná ar a n-oibleagáidí.

(7) Leanfaidh an beart speisialta de bheith roghnach do dhaoine inchánacha toisc go bhféadfaidh siad na gnáthshocruithe CBL a roghnú de bhun Airteagal 290 de Threoir 2006/112/CE.

(8) De réir na faisnéise a chuir an Laitvia ar fáil, ní bheidh ach éifeacht dhiomaibhseach ag an mbeart speisialta ar mhéid foriomlán ioncaim cánach na Laitvia a bhaileofar ag céim an tomhaltais deiridh.

---

[4] Treoir (AE) 2020/285 ón gComhairle an 18 Feabhra 2020 lena leasaítear Treoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha a mhéid a bhaineann leis an scéim speisialta d'fhiontair bheaga agus Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 a mhéid a bhaineann leis an gcomhar riaracháin agus leis an malartú faisnéise chun faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ceart na scéime speisialta d'fhiontair bheaga (IO L 62, 2.3.2020, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2020/285/oj)

(9) Tar éis theacht i bhfeidhm Rialachán (AE, Euratom) 2021/769[5] ón gComhairle, níl aon ríomh ar chúiteamh le déanamh ag an Laitvia maidir leis an ráiteas faoi acmhainní dílse CBL don bhliain airgeadais 2021 agus ina dhiaidh sin.

(10) Ba cheart teorainn ama a bheith le cur i bhfeidhm an bhirt speisialta. Ba cheart an teorainn ama a bheith leordhóthanach chun gur féidir leis an gCoimisiún meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht agus oiriúnacht na tairsí. Thairis sin, de bhun Airteagal 3(1) de Threoir (AE) 2020/285, tá na Ballstáit, faoin 31 Nollaig 2024, leis na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá a ghlacadh agus a fhoilsiú chun Airteagal 1 den Treoir sin a chomhlíonadh, agus tá siad leis na forálacha sin a chur i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2025. Is iomchuí, dá bhrí sin, an Laitvia a údarú chun an beart speisialta a chur i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2024.

(11) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2408 a aisghairm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

**5** Rialachán (AE, Euratom) 2021/769 ón gComhairle an 30 Aibreán 2021 lena leasaítear Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 1553/89 maidir leis na comhshocraíochtaí aonfhoirmeacha cinntitheacha chun acmhainní dílse a fhabhraíonn ó cháin bhreisluacha a bhailiú (IO L 165, 11.5.2021, lch. 9, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/769/oj).

*Airteagal 1*

De mhaolú ar Airteagal 287, pointe (10), de Threoir 2006/112/CE, maidir le daoine inchánacha ag a bhfuil láimhdeachas bliantúil nach airde ná EUR 50 000, údaraítear Laitvia iad a dhíolmhú ó CBL.

*Airteagal 2*

Aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2408.

*Airteagal 3*

Gabhfaidh éifeacht leis an gCinneadh seo an dáta a thabharfar fógra faoi.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2024.

*Airteagal 4*

Dírítear an Cinneadh seo chuig Poblacht na Laitvia.

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*